




Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE GALWAY COUNTY COUNCIL



**FODHLÍTHE CHONTAE
NA GAILLIMHE
UM THRÁCHT AR
BHÓITHRE**

**LUASTEORAINNEACHA
SPEISIALTA
2018**

An Clár Ábhar

| CUR SÍOS | LEATHANACH |
|---|------------|
| Réamhrá | 1 |
| Struchtúr Luasteorainneacha | 4 |
| Imleabhar 1: Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór | 7 |
| Imleabhar 2: Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe | 21 |
| Imleabhar 3: Ceantar Bardasach Chonamara | 38 |
| Imleabhar 4: Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach | 57 |
| Imleabhar 5: Ceantar Bardasach Thuama | 78 |
| Glacadh na bhFodhlíthe um Luasteorainneacha Speisialta | 95 |

RÉAMHRÁ

I bhfeidhmiú na gcumhactaí a thugtar di le hAit 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004 (Uimh. 44 de 2004), agus le toiliú Bhonneagar lompair Éireann (TII) i ndáil le Bóithre Náisiúnta agus Mótarbhealaí, agus tar éis fógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána agus do na comhairlí baile iomchuí, déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis seo na Fodhlíthe seo a leanas i leith limistéar riachán Chontae na Gaillimhe: -

1. ‘Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre Luastearainneacha Speisialta 2018’, is teideal do na fodhlíthe seo.
2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1 Márta, 2019.
3. Sna fodhlíthe seo:

ciallaíonn "Acht 1993" Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);

ciallaíonn "Acht 2004" Acht na mBóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);

ciallaíonn "limistéar riachán Chontae na Gaillimhe" Contae na Gaillimhe, ach gan limistéar riachán Chomhairle Cathrach na Gaillimhe san áireamh.

tá le "luastearainn limistéir fhoirgnithe" agus luastearainn speisialta" na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, i gcuid 2 d'Acht 2004,

ciallaíonn “achar” achar arna thomhas feadh lárlíne an bhóthair,

tá le "bóthar áitiúil", "bóthar réigiúnach", "bóthar náisiúnta", agus "mótarbhealach" an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht 1993,

ciallaíonn “imeallbhóthar” bóthar a bhfuil teorainn comhairle cathrach nó baile feadh ag síneadh ar a ród, agus feadh a róid, agus measfar é a bheith laistigh den teorainn sin chun críocha na bhfodhlíthe seo,

ciallaíonn “bóthar” bóthar poiblí agus folaíonn sé mótarbhealach.

4. Leis na Fodhlíthe seo, forordaítear luastearainneacha 20, 30, 40, 50, 60, 80, 100 agus 120 ciliméadar san uair agus luastearainneacha tréimhsíula i leith na mbóithre poiblí a luaitear, faoi seach, sa Chéad Sceideal, sa Dara Sceideal, sa Tríú Sceideal, sa Cheathrú Sceideal, sa Chúigíú Sceideal, sa Séú Sceideal, sa Seachtú Sceideal, san Ochtú Sceideal agus sa Naoú Sceideal sna Fodhlíthe seo.
 5. (a) An Chéad Sceideal - 20 km/u - Fiche ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar aon bhóthar a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.
 - (b) An Dara Sceideal - 30km/u - Tríocha ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar gach ceann de na bóithre a

shonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo. Sa doiciméad seo, tugtar CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÓCHTA ar an luastearainn sin chomh maith,

- (c) An Tríú Sceideal - 40km/u - Ceathracha Ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar aon bhóthar a shonraítear sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (d) An Ceathrú Sceideal - 50km/u - Caoga Ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar gach ceann de na bóithre a shonraítear sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (e) An Cúigiú Sceideal - 60km/u - Seasca Ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar gach ceann de na bóithre a shonraítear sa Chúigiú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (f) An Séú Sceideal - 80km/u - Ochtó ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar na bóithre a shonraítear sa Séú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (g) An Seachtú Sceideal - 100km/u - Céad ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar gach ceann de na bóithre a shonraítear sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (h) An tOchtú Sceideal - 120km/u - Céad fiche ciliméadar san uair an luastearainn speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar aon cheann de na bóithre a shonraítear san Ochtú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo,
 - (i) An Naoú Sceideal - Luastearainneacha Speisialta Tréimhsíúla. Bóithre ar ina leith a dhéantar Luastearainn Speisialta d'fheithicíl inneallghluaise ar feadh tréimhsí sonraithe agus ar laethanta sonraithe a phorordú de réir Alt 9(5) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.
6. Mar a phoráiltear in Alt 10 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, sa chás go bhfuil Ordú Luastearann Oibreacha Bóthair i bhfeidhm, beidh tosaíocht aige sin ar aon ghnáthluastearainn nó ar aon luastearainn speisialta a bheidh ar an gcuid sin den bhóthar.
7. Tá Otharchairr, feithicíl Briogáide Dóiteáin agus feithicíl an Gharda Síochána díolmhaithe ó gach luastearainn a sonraítear sna fodhlíthe le linn iad a bheith á n-úsáid i gcúrsa dualgais.
8. Déantar na fodhlíthe seo a leanas a chúlgairm leis seo: -
9. Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luastearainneacha Speisialta) Uimh.1 -2015
(CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÓCHTA)

Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh.1 -2016
(CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÓCHTA)

Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh.1 -2017
(CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÓCHTA)

Déantar na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) (Contae na Gaillimhe 2014), seachas na codanna a liostaítear thíos, a chúlghairm.

10. Ní bheidh feidhm ag na Fodhlíthe seo ar na haitl seo a leanas de na Fodhlíthe um Thráctica ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) (Contae na Gaillimhe) 2014, agus fanfaidh na haitl sin i bhfeidhm:

| Suíomh | AN CHÉAD SCEIDEAL | AN DARA SCEIDEAL | AN TRÍÚ SCEIDEAL |
|---|----------------------|---------------------|---------------------|
| N60 Béal Átha Mó | 14 (a) | 5 (a), (b) | |
| N84 Cluain Bú | 39 (a) | | |
| N65 Cill Íomair | 63 (a) | 23 (a), (b) | |
| N63 An Creagán | 80 (b) | 27 (a) | |
| N63 An Droichead Nua | 83 (a) | | |
| N59 An Sraith Salach | | 33 (a) | |
| N65 Baile na Coille, Port Omna | 101 | | |
| N63 Ceathrú na gCapall go dtí an Creagán | | | 5 (b) |
| N63 <i>Ballaghlea</i> go dtí an Droichead Nua | | | 5 (c) |

11. Ginearálta: Beidh an bhrí (más ann) mar atá sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2016 ar aon fhocail nó aon téarmaí a úsáidtear anseo nach bhfuil sainmhínithe go sonrach thuas.

STRUCHTÚR NA LUASTEORAINNEACHA

Tá feidhm le luasteorainneacha ar bhonn réamhshocraithe agus ní féidir iad a athrú ar trí *Fho-Dhlíthe Luasteorainneacha Speisialta* a dhéanamh faoi na cumhactaí a dhílsítear i gcomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil.

- Is ionann *Gnáth-luasteorainneacha* agus luasteorainneacha arna sonrú in Ailt 5-8 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004 ina leagtar amach réimse luasteorainneacha a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le roinnt aicmí nó catagóirí bóthair phoiblí.

Is iad seo a leanas na gnáth-luasteorainneacha:

Mótarbhealaí (M) _____ 120 Km/u
Bóithre Náisiúnta (N, NP, NS) 100 km/u
Réigiúnach (R) _____ 80 Km/u
Bóithre Áitiúla (LP, LS, LT) _____ 80 Km/u
Limistéar Foirgnithe _____ 50 Km/u

- Is ionann *Luasteorainneacha Speisialta* agus luasteorainneacha arna n-ullmhú ag innealtóirí de chuid údarás áitiúil agus arna ndéanamh ag (arna nglacadh le vóta ó) comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil. Leagtar amach in Alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004 (arna leasú le hAlt 86 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010) an réimse Luasteorainneacha Speisialta is féidir a chur i bhfeidhm le fo-dhlíthe.
- *Foráiltear do Luasteorainneacha Speisialta Athraitheacha agus Tréimhsíúla sa reachtaíocht.* Is lena n-úsáid ar mhótarbhealaí, tolláin agus ag scoileanna de ghnáth na luasteorainneacha sin.

| | | | |
|---------------|---|---|--|
| Statutory | Default Speed Limits | Motorway (M) – 120 km/h | |
| | | National Roads (N, NP, NS) – 100 km/h | |
| | | Regional (R) – 80 km/h | |
| | | Local Roads (L) – 80 km/h - Local Primary (LP) - Local Secondary (LS) - Local Tertiary (LT) | Local Tertiary and selected Local Secondary roads only |
| | | Built-up area | |
| | Special Speed Limits | | |
| | Variable or Periodic Special Speed Limits | Any Special Speed Limit but normally lower than the speed limit in effect at the time of variable or periodic change | |
| Non-Statutory | Road works Speed Limits | Any of the above but normally: | |
| | Cautionary Speeds at Road Works | Rectangular plates with black text on a white background displaying either 75 km/h, 65 km/h, 55 km/h, 45 km/h, 35 km/h, 25 km/h, | |

Struchtúr na Luasteorainneacha atá Ceadaithe

(Foinse: Treoirlínte maidir le Luasteorainneacha in Éirinn a Shocrú agus a Bhainistiú - Mártá 2015, Caibidil 2, Leathanach 5, Tábla 2.1)

FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR
BHÓITHRE LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA
2018

IMLEABHAR 1 - CEANTAR BARDASACH
BHAILE ÁTHA AN RÍ/ ÓRÁN MÓR

| SUÍMH | |
|---|--|
| Baile Átha an Rí | An Ceantar Máguaird Soir ó Theorainn Chathair na Gaillimhe |
| Baile an Dúlaigh | An Goirtín |
| Baile Chláir & an Ceantar Máguaird ó Thuaidh de Bhaile Chláir | Cnoc Tua (Na Cathracha) |
| Baile Chláir & an Ceantar Máguaird ó Dheas de Bhaile Chláir | Leacach agus An Turlach Mór |
| An Bán Mór | An Caisleán Nua |
| Crois an Chairn Mhóir | Órán Mór |
| Droichead an Chláirín | Acomhal 17 an M6, An tÁth Nua |
| Cluain Bú | Acomhal an M6/M17/M18, Ráth Mhuiirisín |
| Cor an Dola | R446 Fuarchoill go dtí Órán Beag |

AN DARA SCEIDEAL

Bóithre a bhforordáitear luasteorainn speisialta tríocha míle san uair (30km/u) ina leith. Tugtar CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÍOCHTA ar an luasteorainn sin chomh maith. Tá an uimhir 30 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 30 km/u a thabhairt le fios.

A/30/1. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBaile Átha an Rí: -

Sna ceantair chónaithe

- i. An Coiléar Bán,
- ii. Gort na Rí,
- iii. Cluain Lara,
- iv. Ard Aoibhinn,
- v. Cúirt Lambert,
- vi. Fern Hill,
- vii. Gort Mhaoilir,
- viii. Céide Caheroyan,
- ix. Páirc Caheroyan,
- x. Páirc na hAbhann.

A/30/2. Na heastáit tithíochta seo a leanas i nDroichead an Chláirín: -

An ceantar cónaithe i

- i. Cúirt Dhroichead an Chláirín.

A/30/3. Na heastáit tithíochta seo a leanas in Órán Mór: -

Na ceantair chónaithe i

- i. Bluebell Woods,
- ii. Garrán Beech,
- iii. Ashbrook/Oakfield,
- iv. Cluain Earcáin

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta caoga ciliméadar san uair (**50km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 50 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 50 km/u a thabhairt le fios.

A/50/1. Na bóithre seo a leanas i mBaile Átha an Rí: -

- (a) Na bóithre go léir sa limistéar atá laistigh de theorainn lena ndéantar na pointí seo a leanas a nascadh le chéile le línte díreacha i ndiaidh a chéile: -
 - (i) Bóthar R347 Thuama ag pointe 1291 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3107 Mhuine Mheá,
 - (ii) Fadú thuaidh Bhóthar L7125 na Cúirte Airde ag pointe 750 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3107 Mhuine Mheá,
 - (iii) Bóthar L3107 Mhuine Mheá ag pointe 1465 mhéadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar R347 Thuama,
 - (iv) Bóthar L3112 Cheathrú na Coille ag pointe 465 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar R347 Bhaile Átha Cliath,
 - (v) Bóthar L7154 an Rátha Aird ag pointe 60 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3112 Cheathrú na Coille,
 - (vi) Bóthar R348 Chill Tulach ag pointe 230 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar R347 Chreachmhaoile,
 - (vii) Bóthar R347 Chreachmhaoile ag pointe 246 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar R348 Chill Tulach,
 - (viii) Nascbhóthar Mótarbhealaigh R348 ag pointe 447 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar R347 Chreachmhaoile,
 - (ix) Bóthar L3123 Dhoire Uí Dhónaill ag pointe 308 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3103 Chaisleán Lampart,
 - (x) Bóthar L3103 Chaisleán Lampart ag pointe 1005 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3123 Dhoire Uí Dhónaill,
 - (xi) Bóthar L3105 Charnáin ag pointe 1045 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L7124 Goods Store,
- (b) agus ón bpointe is déanaí atá luaite i líne dhíreach go dtí an pointe tosaigh ar Bhóthar R347 Thuama,

A/50/2. Na bóithre seo a leanas i mBaile an Dúlaigh: -

- (a) Bóthar L6207 Bhaile an Dúlaigh idir a acomhal leis an N84 agus áit is faide siar a dtrasnaíonn sé teorainn Chathair na Gaillimhe,
- (b) An L6208,
- (c) Bóthar L6204 Choill Uachtair idir a acomhal le Bóthar L6207 Bhaile an Dúlaigh siar i dtreo na teorann le teorainn Chathair na Gaillimhe,
- (d) An L62071, L62081, L62041 agus L62042,
- (e) Bóthar L2134 an Chaisleáin Ghearr-Bhaile an Dúlaigh ar feadh na coda sin den charrbhealach idir na háiteanna, thuaidh agus theas, ina dtrasnaíonn sé teorainn Chathair na Gaillimhe.

A/50/3. Na bóithre seo a leanas i mBaile Chláir: -

- (a) Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama idir pointe 93 mhéadar ó dheas óna acomhal leis an R381 agus pointe 650 méadar ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) Bóthar R381 Bhaile Chláir-Órán Mór ar feadh achar 374 mhéadar óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (c) Bóthar L6200 Montiagh ar feadh achar 157 méadar óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (d) An L62003 Droim na Gaoithe.

A/50/4. Na bóithre seo a leanas i gCrois an Chairn Mhóir: -

- (a) Bóthar R339 na Gaillimhe-Mhuine Mheá idir pointe 770 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar R381 Bhaile Chláir-Órán Mór (an N18 roimhe seo) agus pointe 135 mhéadar soir ón acomhal sin,
- (b) Bóthar R381 Bhaile Chláir-Órán Mór (an N18 roimhe seo) idir pointe 205 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar R339 na Gaillimhe-Mhuine Mheá agus pointe 286 mhéadar siar ó thuaidh ón acomhal sin.

A/50/5. Na bóithre seo a leanas i nDroichead an Chláirín: -

- (a) Sráid Kippen,
- (b) Bóthar N67 Órán Mór-Luimnigh idir pointe 299 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L4101 Bhaile na Manach agus pointe 555 mhéadar soir ó dheas ón acomhal sin,
- (c) Bóthar L4101 Bhaile na Manach ar feadh achar 641 mhéadar óna acomhal le Bóthar N67 Órán Mór-Luimnigh.

A/50/6. Na bóithre seo a leanas i gCluain Bú: -

- (a) Bóthar N84 Áth Cinn idir pointe 310 méadar ó dheas óna acomhal leis an L6192 agus pointe 110 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L2117 Eanach Dhúin-Lisín an Óráin.
- (b) Bóthar L2117 Eanach Dhúin-Lisín an Óráin ar feadh achar 200 méadar óna acomhal le Bóthar N84 na Gaillimhe-Áth Cinn,
- (c) Bóthar L2103 Dhroim Griffín ar feadh achar 490 méadar óna acomhal le Bóthar N84 na Gaillimhe-Áth Cinn,
- (d) An L6192 ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N84 na Gaillimhe-Áth Cinn,
- (e) An L6194 ar feadh achar 30 méadar óna acomhal is faide ó thuaidh le Bóthar N84 na Gaillimhe-Áth Cinn,
- (f) An L6236 An Pháirc.

A/50/7. Na bóithre seo a leanas i gCor an Dola: -

- (a) Bóthar L2119 Áth Cinn go dtí Tuaim idir pointe 503 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar L6177 Chaisleán na Craobhaí agus pointe 503 mhéadar soir ó dheas ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L6177 Chaisleán na Craobhaí ar feadh achar 91 mhéadar óna acomhal leis an L2119,
- (c) Nascbhóthar L6176 ó shráidbhaile Chor an Dola go Bóthar L6177 Chaisleán na Craobhaí ar feadh achar 30 méadar óna acomhal leis an L2119,
- (d) Bóthar L21191 na Ceathrún Bige Thuaidh.

A/50/8. Na bóithre seo a leanas sa Cheantar Máguaírd Soir ó Chathair na Gaillimhe: -

- (a) Bóthar R339 na Gaillimhe-Mhuine Mheá idir Teorainn Chathair na Gaillimhe agus pointe 48 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L7102 Bhaile an Teampaill,
- (b) Bóthar L7107 na Páirce Móire óna acomhal le Bóthar R339 na Gaillimhe-Mhuine Mheá, idir na pointí a dtrasnaíonn Teorann Chathair na Gaillimhe an bóthar, go dtí pointe 50 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (c) Bóthar L7102 Bhaile an Teampaill ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar R339 na Gaillimhe-Mhuine Mheá.

A/50/9. Na bóithre seo a leanas i nGoirtín: -

- (a) Bóthar L3116 Áth Tíomáin-Ghallaigh idir pointe 180 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L31163 an tSeanbhaile Mhóir agus pointe 690 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L31165 Loch an tSeanbhaile Mhóir.
- (b) Bóthar L31163 Loch an tSeanbhaile Mhóir,
- (c) Bóithre L31164, L31165 Loch an tSeanbhaile Mhóir,
- (d) Bóthar L31166 Chluain Boirne.

A/50/10. Na bóithre seo a leanas i Leacach: -

- (a) Bóthar R354 Chnoc an Eanaigh-Leacht Seoirse idir pointe 850 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L2132 na gCathracha agus pointe 1318 méadar siar ó dheas ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L21332 Leacach Beag.

A/50/11. Na bóithre seo a leanas sa Chaisleán Nua: -

- (a) Bóthar L3111 Cormacbaugh idir pointe 70 méadar soir ó thuaidh de Bhóthar L7144 Chorr an Tearmaid agus pointe 180 mhéadar soir ó dheas den acomhal sin,
- (b) Bóthar L7144 Chorr an Tearmaid ar feadh achar 200 méadar siar i dtreo a acomhail le Bóthar L3111 Cormacbaugh,
- (c) Bóthar L31113 na Reilige.

A/50/12. Na bóithre seo a leanas in Órán Mór: -

- (a) Seanbhóthar R338 na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath idir pointe 360 méadar siar óna acomhal le Seanbhóthar L4105 Bhaile Chláir soir i dtreo a acomhail le Timpeallán Órán Beag,
- (b) Seanbhóthar L4105 Bhaile Chláir óna acomhal le Seanbhóthar R338 na Gaillimhe go dtí a acomhal le Timpeallán Cheathrú na Manaoise (acomhal an N67 agus R446),
- (c) Bóthar L8103 an Phortaigh óna acomhal le Seanbhóthar R338 na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath go dtí a acomhal le Bóthar N67 Chinn Mhara,
- (d) Bóthar L81033 an Chaisleáin,
- (e) Seanbhóthar L4103 Luimnígh óna acomhal le Seanbhóthar R338 na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath go dtí a acomhal le Bóthar N67 Chinn Mhara, (Baile Fearainn Fhearrann na Carraige),

- (f) An L41031 (Bailte Fearainn Chnoc Odhráin / Fhearann na Carraige),
- (g) Bóthar L4104 Chúirt Dhún Coillín óna acomhal thuaidh le Seanbhóthar L4103 Luimnígh lena acomhal theas leis an L4104 (lúb-bhóthar),
- (h) Bóthar L4101 Mheáraí idir a acomhal leis an L4104 Cúirt Dhún Coillín (ag seanteach na scoile) agus pointe 1700 méadar ó dheas den acomhal sin,
- (i) Lios na Crí L71113 (Baile Fearainn Chathair Uí Mhaighin),
- (j) Oileán Oran L41011,
- (k) Bóithre Rinn Mhíl Thiar: An L41013, L4104.

AN CÚIGÍU SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luastearainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 60 roimh uimhreacha liosta chun luastearainn 60 km/u a thabhairt le fios.

A/60/1. Na bóithre seo a leanas i mBaile Chláir: -

- (a) Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama idir pointe 93 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar R381 Órán Mór agus pointe 1535 méadar ó dheas óna acomhal sin,
- (b) Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama idir pointe 650 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar R381 Órán Mór agus pointe 30 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar R354 Leacht Seoirse-Chnoc an Eanaigh,
- (c) Bóthar R381 Bhaile Chláir-Órán Mór idir pointe 374 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama agus pointe 1040 méadar ó dheas óna acomhal sin,
- (d) Bóthar L6199 Ghort Chluain Mór ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (e) Bóthar L2119 na Péice ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama.

A/60/2. Na bóithre seo a leanas i mBaile Chláir agus sa Cheantar Máguaird: -

- (a) Bóthar L7113 Chinn Uisce óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama go dtí a acomhal leis an L7110,
- (b) Bóthar L71149 Chill Torróg,
- (c) An L7110 óna acomhal le Bóthar R381 Órán Mór go dtí a acomhal le Bóthar L3101 an Laighdeacáin,
- (d) An L71108 óna acomhal leis an L7110,
- (e) An L71105 agus L71109,
- (f) Bóthar L3101 an Laighdeacáin óna acomhal le Bóthar R381 Órán Mór go dtí a acomhal le Bóthar L3102 na Creige Móire,
- (g) An L31012 (Baile Fearainn an Oileáin Mhóir),
- (h) Bóthar L3102 na Creige Móire óna acomhal le Bóthar R354 Leacht Seoirse-Chnoc an Eanaigh ó dheas go dtí a acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá,

- (i) Bóthar L7167 Lisín an Bhealaigh óna acomhal le Bóthar L3101 an Laighdeacáin go dtí a acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá,
- (j) Bóthar L7104 na Creige Buí óna acomhal le Bóthar R381 Órán Mór go dtí a acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (k) Bóthar L6210 Chluain Mhic Cáinín óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe (Baile Fearainn an Phoill Chaoin) go dtí a acomhal leis an L6212,
- (l) An L6212 óna acomhal le Bóthar L6210 Chluain Mhic Cáinín go dtí a acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama (Baile Fearainn an Chillín),
- (m) Bóthar L6213 Chluana óna acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama, ag síneadh ó thuaidh agus soir chomh fada lena acomhal le Bóthar L6214 Chathair Ghabhann,
- (n) Bóthar L6214 Chathair Ghabhann (an lúb-bhóthar) óna acomhal ó dheas le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama, ar feadh a achair ar fad, go dtí a acomhal ó thuaidh leis an N83,

A/60/3. Na bóithre seo a leanas sa Bhán Mór: -

- (a) Bóthar R2119 Leacht Seoirse idir pointe 1500 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L6196 an Bháin Mhóir agus pointe 140 méadar soir ó dheas ón acomhal sin.
- (b) Bóthar L6196 an Bháin Mhóir ar feadh achar 200 méadar óna acomhal le Bóthar L2119 Leacht Seoirse,
- (c) Bóthar L6195 an Chlocháin ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar L2119 Leacht Seoirse,

A/60/4. An bóthar seo a leanas i gCrois an Chairn Mhóir: -

- (a) Bóthar R381 Bhaile Chláir-Órán Mór idir pointe 200 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3101 an Laighdeacáin agus pointe 320 méadar soir ó dheas ón acomhal sin,

A/60/5. Na bóithre seo a leanas i nDroichead an Chláirín: -

- (a) Bóthar N67 Órán Mór-Dhroichead an Chláirín idir pointe 299 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L4101 Bhaile na Manach agus pointe 670 méadar ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) Bóthar N67 Luimnígh-Dhroichead an Chláirín idir pointe 555 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L4101 Bhaile na Manach agus pointe 756 mhéadar ó dheas ón acomhal sin.
- (c) Bóthar L4102 Bhaile Átha an Rí ar feadh achar 20 méadar óna

acomhal le Bóthar N67 Órán Mór-Luimnigh,

- (d) Bóthar L41024 an tSráidbhaille.

A/60/6. An bóthar seo a leanas i gCluain Bú: -

- (a) Bóthar L2129 Dhroim Grifín idir pointe 490 méadar óna acomhal le Bóthar N84 na Gaillimhe-Áth Cinn agus a acomhal le Bóthar L2119 Chor an Dola.

A/60/7. Na bóithre seo a leanas in Oirtheor Chathair na Gaillimhe agus sa Cheantar Máguaird: -

- (a) Bóthar L7102 Bhaile an Teampaill (lena n-áirítear bóthar idirghabhálach an L71023) idir pointe 30 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá go dtí a acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama,
- (b) Bóithre cul-de-sac in aice le Bóthar L7102 Bhaile an Teampaill: An L71021, L71022, L71024 agus L71025,
- (c) Bóthar L7105 an Gharráin & an L7106 idir a acomhal le Seanbhóthar R338 na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath agus a acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá,

A/60/8. Na bóithre seo a leanas i gCnoc Tua (Na Cathracha): -

- (a) Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama idir pointe 290 méadar ó dheas óna acomhal le crosbhóthar an L-2131/L-2132 agus pointe 250 méadar ó thuaidh ón acomhal céanna,
- (b) Bóthar L2131 na gCathracha idir an áit a dtrasnaíonn sé Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama agus pointe 170 méadar siar ón acomhal sin,
- (c) Bóthar L2132 na Móna Rua idir an áit a dtrasnaíonn sé Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama agus pointe 135 mhéadar soir ón acomhal sin.

A/60/9. Na bóithre seo a leanas i Leacach: -

- (a) Bóthar R354 Ros Comáin-Leacht Seoirse idir pointe 546 mhéadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L2132 na gCathracha agus pointe 850 méadar siar ó dheas ón acomhal sin.
- (b) Bóthar L6202 an Ruáin Mhór idir a acomhal le Bóthar N83 na Gaillimhe-Thuama agus a acomhal le Bóthar L2133 Chnoc Tua Mór (Lána Tinker)

A/60/10. Na bóithre seo a leanas in Órán Mór: -

- (a) Seanbhóthar R338 na Gaillimhe-Thuama idir pointe 570 méadar soir óna acomhal le Bóthar L7105 an Gharráin agus pointe 260 méadar siar ón acomhal sin,

- (b) Bóthar N67 Bhaile Chláir (an N18 roimhe seo) idir a acomhal leis an timpeallán i gCeathrú na Manaoise go dtí pointe 510 méadar ó thuaidh óna acomhal leis an L71114,
- (c) Bóthar L81081 Eastát Tionsclaíochta Pháirc na bhFianna,
- (d) Bóthar L71114 Cheathrú na Manaoise,
- (e) Bóthar R446 Órán Mór - Bhéal Átha na Sluaighe óna acomhal le Timpeallán Órán Beag, soir go dtí a acomhal le Bóthar L7107 Chathair Uí Mhaighin (Túr Uisce Órán Beag).

A/60/11. Na bóithre seo a leanas i Ráth Mhuirisín (M6/M17/M18): -

- (a) Acomhal 18 Mhótarbhealach M6 na Gaillimhe - Bhaile Átha Cliath ag dul soir-ón sliosbhóthar óna chrosbhealach le hacomhal an M6/M17/M18 ag Baile Fearainn an Cháráin Dhuibh go dtí pointe 36 mhéadar siar ón suíomh sin,
- (b) Acomhal 18 Mhótarbhealach M6 na Gaillimhe - Bhaile Átha Cliath ag dul siar-ón sliosbhóthar óna chrosbhealach le hacomhal an M6/M17/M18 ag Baile Fearainn Ráth Mhuirisín go dtí pointe 35 mhéadar soir ón suíomh sin,
- (c) Acomhal 18 Mhótarbhealach M18 Inse - Thuama ag dul ó thuaidh- ón sliosbhóthar óna chrosbhealach le hacomhal an M6/M17/M18 ag Baile Fearainn Ráth Mhuirisín go dtí pointe 36 mhéadar ó dheas ón suíomh sin,
- (d) Acomhal 18 Mhótarbhealach M18 Inse - Thuama ag dul ó dheas- ón sliosbhóthar óna chrosbhealach le hacomhal an M6/M17/M18 ag Baile Fearainn Ráth Mhuirisín go dtí pointe 36 mhéadar ó thuaidh ón suíomh sin,
- (e) Carrbhealach rothlach agus uasbhealach ar fad acomhal 18 an M6/M17/M18 i mBailte Fearainn an Cháráin Dhuibh agus Ráth Mhuirisín.

A/60/12. Na bóithre seo a leanas sa Turlach Mór: -

- (a) Bóthar R354 Leacht Seoirse-Chnoc an Eanaigh idir pointe 105 mhéadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3105 Bhaile Átha an Rí agus pointe 450 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L3105 Bhaile Átha an Rí ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar R354 Leacht Seoirse-Chnoc an Eanaigh.

AN SÉÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta ochtó ciliméadar san uair (**80km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 80 curtha roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 80 km/u a thabhairt le fios.

A/80/1. Na bóithre seo a leanas i mBaile an Dúlaigh: -

- (a) Bóthar N84 Áth Cinn ó Theorainn Chathair na Gaillimhe idir pointe 40 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L6207 Bhaile an Dúlaigh agus pointe 250 méadar ó thuaidh óna acomhal sin.

A/80/2. Na bóithre seo a leanas ag acomhal 17 an M6 san Ádh Nua, Baile Átha an Rí: -

- (a) Acomhal 17 mhótarbhealach M6 na Gaillimhe - Bhaile Átha Cliath ó dheas - ag dul soir: ón sliosbhóthar ón líne géill slí ag acomhal an timpealláin leis an R348, go dtí pointe 30 méadar siar ó thuaidh den suímh sin,
- (b) Mótarbhealach Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe ó thuaidh - ag dul siar: ón sliosbhóthar ón líne géill slí ag acomhal an timpealláin leis an R348, go dtí pointe 30 méadar soir ó dheas den suíomh sin.

AN SEACHTÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luastearainn speisialta céad ciliméadar san uair (**100km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 100 roimh uimhreacha liosta chun luastearainn 100 km/u a thabhairt le fios.

A/100/1. Na bóithre seo a leanas ag acomhal 19 an M6 i nGleann an Scáil, Órán Mór: -

- (a) Acomhal 19 Mhótarbhealach M6 Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe ag dul siar-ón sliosbhóthar ón líne géill slí ag acomhal an timpealláin leis an Bóthar R381 Órán Mór, go dtí pointe 33 mhéadar soir ón suíomh sin.

A/100/2. Na bóithre seo ag R446 Fuارchoill go dtí Órán Beag: -

- (a) Bóthar R446 Bhéal Átha na Sluaighe go Gaillimh idir pointe 405 mhéadar siar óna acomhal leis an L7159 ag Fuarchoill go dtí a acomhal le bóithre L8101/L71070 Furey's Cross ag Baile Fearainn Órán Beag.

AN tOCHTÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta céad fiche ciliméadar san uair (**120km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 120 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 120 km/u a thabhairt le fios.

>>NÍ ANN DÓIBH<<

AN NAOÚ SCEIDEAL

Bóithre ar ina leith a bhfuil Luasteorainn Speisialta do Thréimhsí Sonraithe agus do Laethanta Sonraithe forordaithe ina leith de réir Alt 9(5) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

Beidh éifeacht leis na luasteorainneacha speisialta tréimhsíúla seo ó Luan go hAoine, go huile, gach seachtain i rith na tréimhse ón 26 Lúnasa gach bliain suas go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn, agus an dáta sin san áireamh, ag na tráthanna atá leagtha amach, agus sna suímh atá sonraithe, anseo thíos.

>>NÍ ANN DÓIBH<<

FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR
BHÓITHRE LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA
2018

IMLEABHAR 2 - CEANTAR BARDASACH
BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

| <u>SUÍMH</u> | |
|---|---|
| Áth Eascrach | An Gleantán (Maigh Iúir) |
| Eachroim | Cill Chonaill |
| Scoil Náisiúnta Ballaghlea | Cill Iúir |
| Droichead Bhéal an Átha Mhóir | Cill Tormóir |
| Baile Bhéal Átha na Sluaighe - Tuaisceart | An Baile Mór |
| Baile Bhéal Átha na Sluaighe - Deisceart | Mionlach |
| Béal Átha Ghártha | An Creagán |
| Baile Mhic an Bhaird | Maigh Locha |
| An Chealtrach | An Droichead Nua |
| Ceapaigh an tSeagail | An Cnoc Breac |
| Gallach | Dolaphlás an M6 ag Ceapaigh an tSeagail |
| Cluain Tuaiscirt | N63 Béal Átha Ghártha go dtí an Creagán |
| Dún an Uchta | N63 an Creagán go dtí Mainistir Chnoc Muaidhe |
| Fothannach | R446 Béal Átha na Sluaighe go dtí Cill Rícoll |
| An Ghiolcach | |

AN DARA SCEIDEAL

Bóithre a bhforordaítear luastearainn speisialta tríocha míle san uair (**30km/u**) ina leith. Tugtar CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÍOCHTA ar an luastearainn sin chomh maith. Tá an uimhir 30 roimh uimhreacha liosta chun luastearainn 30 km/u a thabhairt le fios.

B/30/1. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBaile Bhéal Átha na Sluaighe: -

Sna ceantair chónaithe

- i. i bPáirc Ó Maine agus i bPáirc an Churraigh
- ii. Esker Hills
- iii. Páirc Naomh Áine, Páirc Naomh Greallán, Páirc Naomh Treasa
- iv. Plás Naomh Iósaf
- v. Céide Gharbhaile
- vi. Gairdíní na Coille Gairbhe
- vii. Páirc na Coille Gairbhe agus Cúirt na Coille Gairbhe
- viii. Rathbane, An Choill Gharbh
- ix. Fearann na Coille
- x. An Sceach (lena n-áirítear Corrán na Sceach, Bóthar na Sceach agus Clós na Sceach)
- xi. Céide Phort Nig
- xii. Na Péiní (lena n-áirítear Cúirt an Choláiste, Corrán an Choláiste, Radharc an Choláiste, Radharc na gCnocán Glas, Radharc Chois na hAbhann agus Radharc na Coille)
- xiii. Cois na hAbhann
- xiv. Páirc Willow
- xv. Céide Ashfield
- xvi. Doire Beag
- xvii. Céide Hillcrest
- xviii. Sruthán an Mhóinéir (lena n-áirítear Gairdíní Shruthán an Mhóinéir, Céide Shruthán an Mhóinéir, Clós Shruthán an Mhóinéir, Plásóg Shruthán an Mhóinéir agus Páirc Shruthán an Mhóinéir)
- xix. Dún Íde
- xx. Ascaill an Chnocáin Aoibhinn
- xxi. An Cnocán Aoibhinn
- xxii. Céide an Mhuilinn Darach
- xxiii. Olde Meadows
- xxiv. Céide an tSáirséalaigh
- xxv. Ardán Bhréanainn
- xxvi. Plás Naomh Mícheál

B/30/2. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBéal Átha Ghártha: -

Sna ceantair chónaithe

- i. i gCúirt an tSeiceamair
- ii. Páirc Plunkett.

B/30/3. Na heastáit tithíochta seo a leanas i nDún an Uchta: -

Sna ceantair chónaithe

- i. i Cloughbrack.

B/30/4. Na heastáit tithíochta seo a leanas sa Bhaile Mór: -
Sna ceantair chónaithe

- i. Uimhreacha 7 - 14 sa Bhaile Mór.

B/30/5. Na heastáit tithíochta seo a leanas sa Chreagán: -
Sna ceantair chónaithe

- i. The Meadows
- ii. Páirc Grattan
- iii. Garrán Pine
- iv. Forest View.

B/30/6. Na heastáit tithíochta seo a leanas i Maigh Locha: -
Sna ceantair chónaithe

- i. Cúirt Meadow

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta caoga ciliméadar san uair (**50km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 50 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 50 km/u a thabhairt le fios.

B/50/1. Na bóithre seo a leanas in Áth Eascrach: -

- (a) Bóthar R358 an Chreagáin-Bhéal Átha na Sluaighe idir phointe 610 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L74161 an tSéipéil agus pointe 580 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar L3402 Chill Chonaill,
- (b) Bóthar L3402 Chill Chonaill óna acomhal le Bóthar R358 Béal Átha na Sluaighe-an Chreagáin go dtí pointe 234 mhéadar siar ó dheas ón acomhal sin,
- (c) Bóthar L74161 na Páirce Iomána/an tSéipéil ar feadh achar 380 méadar óna acomhal le Bóthar R358 an Chreagáin - Béal Átha na Sluaighe,
- (d) An L74162.

B/50/2. Na bóithre seo a leanas san Eachroim: -

- (a) An L7425 óna acomhal thiar leis an R446 go dtí a acomhal le Bóthar L3413 na Ceathrún Móire, agus ar aghaidh go dtí a acomhal thoir leis an R446,
- (b) Bóthar L3413 na Ceathrún Móire ar feadh achar 250 méadar siar ó thuaidh óna acomhal leis an L7425,
- (c) Bóthar L3415 an Gharraí Mhór ar feadh achar 230 méadar óna acomhal le Bóthar L3413 na Ceathrún Móire,
- (d) An L7426 (Bóthar an Tí Altranais) óna acomhal leis an R446 go dtí a acomhal leis an L7425.

B/50/3. Na bóithre seo a leanas i nDroichead Bhéal an Átha Móir: -

- (a) Bóthar R363 an Droichid Nua-Bhéal Átha Feorainne idir pointe 75 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar L3212 Chluain Scairbre agus pointe 75 mhéadar ó dheas ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L3212 Chluain Scairbre ar feadh achar 50 méadar óna acomhal leis an R363.

B/50/4. Na bóithre seo a leanas i mBaile Bhéal Átha na Sluaighe: -

- (a) Beidh feidhm ag an luasteorainn limistéir fhoirgnithe 50 ciliméadar san uair maidir le gach bóthar laistigh den teorainn uirbeach dhlíthiúil seachas na bóithre sin, agus na codanna de na bóithre sin, atá liostaithe sa chúigiú

sceideal, sa séú sceideal, sa seachtú sceideal agus san ochtú sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo agus mar atá sonraithe sa dara sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo.

B/50/5. Na bóithre seo a leanas i mBéal Átha Ghártha: -

- (a) Cearnóg an Mhargaidh L6378, L6377, L6379, L63791, L6380,
- (b) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 150 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L2309 Chluain Laighin agus pointe 45 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar L6363 Pháirc na bPoc.
- (c) Bóthar L3213 Bhéal Átha Feorainne ar feadh achar 808 méadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (d) Bóthar L2311 na gCreag ar feadh achar 255 mhéadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (e) Bóthar an Phóna L7475,
- (f) Bóthar L7274 Mhuiceanach Thuaidh ar feadh achar 50 méadar óna acomhal leis an L3213,
- (g) Bóthar L7268 Chill ar Ghualainn ar feadh achar 50 méadar óna acomhal leis an L3213.

B/50/6. Na bóithre seo a leanas i mBaile Mhic an Bhaird: -

- (a) Bóthar R359 Ghallaigh-Mhóta idir pointe 300 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3407 an Ghoirtín agus pointe 380 méadar soir ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L3407 an Ghoirtín ar feadh achar 220 méadar óna acomhal le Bóthar R359 Ghallaigh-Mhóta.

B/50/7. Na bóithre seo a leanas sa Chealtrach: -

- (a) Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe-an Chreagáin idir pointe 60 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3404 an Chlochair agus pointe 30 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar R339 Ghallaigh,
- (b) Bóthar L3403 Fothannaí ar feadh achar 120 méadar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe-an Chreagáin,
- (c) Bóthar R339 Ghallaigh ar feadh achar 120 méadar siar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe-an Chreagáin.
- (d) Bóthar L7249 an tSéipéil ar feadh achar 345 mhéadar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe-an Chreagáin,

- (e) Bóthar L3404 an Chlochair ar feadh achar 140 méadar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe-an Chreagáin,
- (f) An L34041.

B/50/8. Na bóithre seo a leanas i gCeapaigh an tSeagail: -

- (a) Bóthar L3416 Chill Chonaill óna acomhal leis an R446 go dtí pointe 50 méadar ó thuaidh óna acomhal leis an L7437
- (b) An L7437 ar feadh achar 50 méadar óna acomhal leis an L3416,
- (c) Bóthar L3416 Chill Chonaill (Uasbhealach M6) idir pointe 40 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L7436 an Sleacháin Bhig agus pointe 640 méadar ó thuaidh óna acomhal sin.

B/50/9. Na bóithre seo a leanas i nGallach: -

- (a) Bóthar R339 Mhionlaigh-na Cealtraí ar feadh achar 400 méadar siar óna acomhal le Bóthar R359 an Chreagáin agus pointe 440 méadar soir óna acomhal sin,
- (b) Bóthar R359 an Chreagáin ar ar feadh achar 820 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar R339 Mhionlaigh-na Cealtraí,
- (c) Bóthar R359 Mhóta ar feadh achar 387 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar R339 Mhionlaigh-na Cealtraí,
- (d) Bóthar L7243 Ghallaigh ar feadh achar 54 mhéadar óna acomhal le Bóthar R359 an Chreagáin.

B/50/10. Na bóithre seo a leanas i nDún an Uchta: -

- (a) Bóthar L4324 Shráid an Mhargaidh (Cearnóg an Mhargaidh) agus Bóthar L4324 Lána an tSéipéil,
- (b) Bóthar R356 Chill Íomair-Bheannchair idir pointe 580 méadar siar óna acomhal le Bóthar L4306 an Bhaile Mhóir agus pointe 37 méadar soir ó dheas óna acomhal le L8813 an Mall,
- (c) Bóthar L4302 Lána Coate ar feadh achar 156 mhéadar óna acomhal le Bóthar R356 Chill Íomair-Bheannchair,
- (d) Bóthar L4306 an Bhaile Mhóir ar feadh achar 550 méadar óna acomhal le Bóthar R356 Chill Íomair-Bheannchair,
- (e) Bóthar L4323 Lios an Acóidigh ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar L4306 an Bhaile Mhóir,

- (f) Bóthar L8813 an Mall óna acomhal thiar leis an R356 go dtí a acomhal thoir leis an R356,
- (g) Bóthar LT88131 Lána Soldier.

B/50/11. Na bóithre seo a leanas i bhFothannach: -

- (a) Bóthar L3402 Áth Eascrach-Bhaile Mhic an Bhaird idir pointe 250 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3409 Chill Chonaill agus pointe 390 méadar siar ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L3409 Chill Chonaill ar feadh achar 190 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3402 Áth Eascrach-Bhaile Mhic an Bhaird.

B/50/12. Na bóithre seo a leanas sa Ghiolcach: -

- (a) An L3201 idir pointe 80 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3205 Thóin le Gaoith agus pointe 460 méadar ó dheas ón acomhal sin,

B/50/13. Na bóithre seo a leanas in Glentane (Maigh Iúir): -

- (a) Bóthar R339 Mhionlaigh-Ghallaigh idir pointe 210 méadar siar óna acomhal leis an L3451 agus pointe 200 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L3451 Bhaile Mhic an Bhaird ar feadh achar 210 méadar óna acomhal leis an R339.

B/50/14. Na bóithre seo a leanas i gCill Chonaill: -

- (a) Bóthar R348 Bhéal Átha na Sluaighe-Bhaile Átha an Rí idir pointe 173 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar L3904 Áth Eascrach agus pointe 265 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar L3416 Cheapaigh an tSeagail,
- (b) Bóthar L7423 an Bhaile Ghlais ar feadh achar 446 mhéadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhéal Átha na Sluaighe-Bhaile Átha an Rí,
- (c) Bóthar L3415 Eachroma ar feadh achar 205 mhéadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhéal Átha na Sluaighe-Bhaile Átha an Rí,
- (d) Bóthar L3904 Áth Eascrach ar feadh achar 200 méadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhéal Átha na Sluaighe-Bhaile Átha an Rí,
- (e) Bóthar L3416 Cheapaigh an tSeagail ar feadh achar 400 méadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhéal Átha na Sluaighe-Bhaile Átha an Rí.

B/50/15. Na bóithre seo a leanas i gCill Tormóir: -

- (a) Bóthar L4304 Bhéal Átha na Sluaighe-Chill Rícoll idir pointe 620 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L4301 Dhún an Uchta agus pointe 428 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) Bóthar L4301 Dhún an Uchta, ina n-áirítéar an cuarbhóthar, ar feadh achar 715 mhéadar óna acomhal le Bóthar L4304 Bhéal Átha na Sluaighe,
- (c) Bóthar L43044 na Mótaí.

B/50/16. Na bóithre seo a leanas sa Bhaile Mór: -

- (a) Bóthar R355 Bhéal Átha na Sluaighe-Phort Omna idir pointe 380 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L4325 Dhún an Uchta agus pointe 120 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L8713 Dhoire,
- (b) Bóthar L4325 Dhún an Uchta ar feadh achar 375 mhéadar óna acomhal ó dheas le Bóthar R355 Bhéal Átha na Sluaighe-Phort Omna,
- (c) Bóthar L8713 Dhoire ar feadh achar 335 mhéadar óna acomhal le Bóthar R355 Bhéal Átha na Sluaighe-Phort Omna,
- (d) An L87131.

B/50/17. Na bóithre seo a leanas i Mionlach: -

- (a) Bóthar R339 Mhuine Mheá-Ghallaigh idir pointe 46 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar L7223 Mhionlaigh agus pointe 40 méadar soir óna acomhal le Bóthar L7223 Chluain Caoin Cairill,
- (b) Bóthar L3204 an Chreagáin ar feadh achar 230 méadar óna acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá-Ghallaigh,
- (c) Bóthar L7229 na Croise ar feadh achar 64 mhéadar óna acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá-Ghallaigh,
- (d) Bóthar L7230 an Chnoic Aoibhinn ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar R339 Mhuine Mheá-Ghallaigh.

B/50/18. Na bóithre seo a leanas sa Chreagán: -

- (a) Cearnóg an Mhargaidh Thoir agus Theas an R358,
- (b) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 220 méadar siar óna acomhal le Bóthar R358 Cearnóg an Mhargaidh Theas agus pointe 740 méadar ó thuaidh ón acomhal sin,

- (c) Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe idir a acomhal leis an N63 ag Cearnóg an Mhargaidh agus pointe 65 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3207 Mhílic,
- (d) Bóthar L3210 Bhéal Átha Feorainne ar feadh achar 115 mhéadar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe,
- (e) An L23072,
- (f) Bóthar L3207 Mhílic ar feadh achar 220 méadar óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe.

B/50/19. Na bóithre seo a leanas i Maigh Locha: -

- (a) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 384 mhéadar siar óna acomhal le crosbhóthar Bhóthar R364 Chill Choirín / Bóthar L3203 Mhionlaigh agus pointe 580 méadar siar ón acomhal sin,
- (b) Bóthar R364 Chill Choirín ar feadh achar 146 mhéadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (c) Bóthar L3203 Mhionlaigh ar feadh achar 183 mhéadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin.

B/50/20. Na bóithre seo a leanas sa Droichead Nua: -

- (a) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 130 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar R363 Bhéal Átha Feorainne agus pointe 269 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin.
- (b) Bóthar L2307 Ghleann na Madadh ar feadh achar 190 méadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (c) Bóthar R363 Bhéal Átha Feorainne ar feadh achar 210 méadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (d) Bóthar L6336 Ballynacorra ar feadh achar 80 méadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin.

B/50/21. Na bóithre seo a leanas sa Chnoc Breac: -

- (a) Bóthar R348 Bhaile Átha an Rí- Bhéal Átha na Sluaighe idir pointe 289 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L7445 Cheapaigh an tSeagail agus pointe 780 méadar siar ó dheas ón acomhal sin,
- (b) An L74474 ar feadh achar 20 méadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhaile Átha an Rí-Bhéal Átha na Sluaighe,

- (c) Bóthar L7445 Cheapaigh an tSeagail ar feadh achar 140 méadar óna acomhal le Bóthar R348 Bhaile Átha an Rí-Bhéal Átha na Sluaighe,
- (d) An L74452.

B/50/22. Na bóithre seo a leanas ag Dolaphlás an M6 i gCeapach an tSeagail: -

- (a) Na lánaí ag dul soir (Gaillimh go Baile Átha Cliath) ó phointe 140 méadar siar ón Dola-Phlás go dtí pointe 100 méadar soir ón Dola-Phlás sin,
- (b) Na lánaí Luas-Dola ag dul soir (Gaillimh go Baile Átha Cliath) ó phointe 256 mhéadar siar ón Dola-Phlás go dtí pointe 100 méadar soir ón Dola-Phlás sin,
- (c) Na Lánaí ag dul siar (Baile Átha Cliath go Gaillimh) ó phointe 148 méadar soir ón Dola-Phlás go dtí pointe 100 méadar siar ón Dola-Phlás sin,
- (d) Na lánaí Luas-Dola ag dul siar (Baile Átha Cliath go Gaillimh) ó phointe 254 mhéadar soir ón Dola-Phlás go dtí pointe 100 méadar siar ón Dola-Phlás sin.

AN CÚIGÍU SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luastearainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 60 roimh uimhreacha liosta chun luastearainn 60 km/u a thabhairt le fios.

B/60/1. Na bóithre seo a leanas i mBaile Bhéal Átha na Sluaighe: -

- (a) Bóthar L84134 Thuaim Caltraí idir pointe 50 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L4600 Phlásóg na bhFeá go dtí pointe (ar an L84134) 440 méadar ó dheas ón acomhal sin,
- (b) Bóthar R355 Phort Omna óna acomhal le Timpeallán an Mhothair, ag síneadh siar ó thuaidh tríd an uasbhealach ag Acomhal 15 Mhótarbhealach M6 Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe, go dtí a acomhal leis an R446 ag Timpeallán an Gharbhaile,
- (c) Bóthar an Mhothair óna acomhal le timpeallán an Mhothair go dtí deireadh an cul-de-sac atá in aice le mótarbhealach an M6,
- (d) Bóthar R446 Eachroma ón teorainn uirbeach dhlíthiúil go dtí pointe 690 méadar soir ó thuaidh ón teorainn sin, ina n-áirítear an carrbhealach atá timpeall air,
- (e) Bóthar L4607 Dhoire an Mhaoláin siar óna theorainn uirbeach dhlíthiúil go dtí a acomhal le Bóthar L3408 Pháirc na bhFianna,
- (f) Bóthar R358 Áth Eascrach óna acomhal le Bóthar L4607 Dhoire an Mhaoláin siar ó thuaidh go dtí an teorainn uirbeach dhlíthiúil,
- (g) Bóthar L3408 Pháirc na bhFianna ar feadh achar 650 méadar siar ó thuaidh ón teorainn uirbeach dhlíthiúil,
- (h) Bóthar L34081 Chill Chluanaigh ar feadh achar 100 méadar óna acomhal le Bóthar L3408 Pháirc na bhFianna,
- (i) Bóthar R348 Chill Chonaill idir pointe 108 méadar siar ó dheas óna acomhal leis an L3408 go dtí an teorainn uirbeach dhlíthiúil,
- (j) Bóthar R357 Theach Mhic Conaill ó phointe 500 méadar ó thuaidh óna acomhal leis an R446 go dtí pointe 126 mhéadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L86081 na Páirce Móire.
- (k) Bóthar L86081 na Páirce Móire,
- (l) Bóthar L86082 an Ruáin ar feadh achar 615 mhéadar ó Bhóthar R357 Theach Mhic Conaill.

B/60/2. Na bóithre seo a leanas i mBéal Átha Ghártha: -

- (a) Bóthar L2309 Chluain Laighin ar feadh achar 1330 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (b) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 250 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L2309 Chluain Laighin agus pointe 150 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin,
- (c) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir theorainn Chontae Ros Comáin agus 78 méadar ó dheas ón suíomh sin.

B/60/3. Na bóithre seo a leanas i nGallach: -

- (a) Bóthar R359 an Chreagáin idir pointe 40 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L7243 Ghallach agus pointe 820 méadar ó thuaidh ón acomhal sin,
- (b) An L34034 ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar R359 an Chreagáin.

B/60/4. Na bóithre seo a leanas i gCluain Tuaiscirt: -

- (a) Bóthar L8408 Chill Tormóir-Bhéal Átha na Sluaighe idir pointe 95 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L8410 Chrois Chonaill Mhór agus pointe 50 mhéadar ó thuaidh ón L8411,
- (b) Bóthar L8410 Chrois Chonaill Mhór ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar L8408 Chill Tormóir-Bhéal Átha na Sluaighe,
- (c) An L8411 ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar L8408 Chill Tormóir-Bhéal Átha na Sluaighe
- (d) An L84083.

B/60/5. Na bóithre seo a leanas i gCill Iúir: -

- (a) Bóthar L3412 Ghleann na bhFeadóig ar feadh achar 250 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3408 Bhéal Átha na Sluaighe,
- (b) Bóthar L3408 Áth Eascrach - Bhéal Átha na Sluaighe idir pointe 250 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3412 Ghleann na bhFeadóig go dtí pointe 230 méadar soir ó dheas ón acomhal sin.

B/60/6. Na bóithre seo a leanas sa Bhaile Mór: -

- (a) Bóthar R355 Bhéal Átha na Sluaighe-Phort Omna idir pointe 380 mhéadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L4325 Dhún an Uchta agus pointe 560 méadar soir ó thuaidh ón acomhal sin.

B/60/7. Na bóithre seo a leanas sa Chreagán: -

- (a) Bóthar N63 na Gaillimhe idir pointe 220 méadar siar óna acomhal le Cearnóg an Mhargaidh agus pointe 75 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar L6304 Chluain Luathrinne,
- (b) Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe idir pointe 65 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L3207 Mhílic agus pointe 787 méadar soir ó dheas ón acomhal sin,
- (c) Bóthar L3207 Mhílic idir pointe 220 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar R358 Bhéal Átha na Sluaighe agus pointe 420 méadar siar ó thuaidh ón acomhal sin,
- (d) Bóthar L7341 an Chreagáin ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin,
- (e) Bóthar L6304 Chluain Luathrinne ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N63 Mhainistir Chnoc Muaidhe,
- (f) Bóthar L3204 na Seanchoille ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar N63 Mhainistir Chnoc Muaidhe.

B/60/8. Na bóithre seo a leanas i Maigh Locha: -

- (a) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 384 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar L3203 Mhionlaigh agus pointe 520 méadar siar ón acomhal sin,
- (b) Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin idir pointe 581 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar L3203 Mhionlaigh agus pointe 715 mhéadar soir ón acomhal sin,
- (c) Bóthar L3203 Mhionlaigh idir pointe 183 mhéadar ó dheas óna acomhal le Bóthar N63 na Gaillimhe-Ros Comáin agus pointe 930 méadar ó dheas ón acomhal sin,
- (d) Bóthar L7240 Chluain Calga ar feadh achar 30 méadar óna acomhal le Bóthar L2303 Mhionlaigh.

B/60/9. Na bóithre seo a leanas ag acomhal 15 an M6 ag Béal Átha na Sluaighe: -

- (a) Mótarbhealach M6 na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath ag dul soir: ón sliosbhóthar ón líne géill slí ag acomhal an timpealláin thuaidh leis an R355 go dtí pointe 30 méadar siar ón suíomh sin,
- (b) Mótarbhealach M6 Bhaile Átha Cliath- na Gaillimhe ag dul siar: ón sliosbhóthar ón líne géill slí ag acomhal an timpealláin theas leis an R355, go dtí pointe 30 méadar soir ón suíomh sin.

AN SÉÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta ochtó ciliméadar san uair (**80km/u**) forordaithe ina leith. Tá an uimhir 80 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 80 km/u a thabhairt le fios.

B/80/1. Na bóithre seo a leanas i mBéal Átha na Sluaighe: -

- (a) Bóthar R348 Chill Chonaill ó phointe ar an teorainn uirbeach dhlíthiúil go dtí pointe 440 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar L3408 Pháirc na bhFianna,
- (b) Bóthar R357 Theach Mhic Conaill ó phointe 126 mhéadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L86081 na Páirce Móire go dtí an teorainn uirbeach dhlíthiúil,
